An tAthair Tomás Ó hIceadha

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás duine mór le rá sa Deisceart. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

homage: _____
former parish priest: _____
all-round attributes: _____
he was ordained: _____
devotion, diligence: _____
loyalty: _____
special skill: _____
self-confidence: _____
courage: _____
a rich legacy: _____
imprint (mark) of his art: _____
imprint (mark) of his humanity: _____

Ceist 2 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén cineál duine ba ea é, an tAthair Tomás Ó hIceadha?
2. Cad a deirtear sa mhír faoina shaol gairmiúil?
3. Cad a dúirt Boscó Ó Conchúir faoi?
4. Cad a dúirt an tAthair Eoghan Ó Cadhla faoi?

Ceist 3 *Ceisteanna sa Ghaeilge*

1. Féach ar na ceisteanna coitianta seo. Cén cheist nach bhfuil cosúil leis na cinn eile? Cén fáth?

Conas atá tú?
Cad é mar atá tú?
Cén chaoi a bhfuil tú?

2. Féach ar na focail seo ar fad a úsáidtear chun ceisteanna a chumadh. Cé na cinn a ghlacann an clásal coibhneasta **díreach** agus cé na cinn a úsáideann an clásal coibhneasta **indíreach**?
   Cuir na focail sna boscaí cearta:

   cé chomh minic, cad chuige, cén chaoi, cad, cé, cathain, conas, cén tslí, cén fáth, céard, cén áit, cén fad, cén uair, cad é mar, *cén dóigh*

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach

3. Cum ceisteanna **faoin tuairisc**, leis na focail atá sna boscaí faoi cheist 2 anois; agus cuir na ceisteanna sin ar an duine in aice leat. Mar shampla:

   - ✓ *Cén fáth a bhfuil ómós á léiriú i nGaeltacht Chiarraí?*
   - ✓ *Cad chuige ar luadh Siamsa Tíre sa mhír?*

Ceist 4 An séimhiú

Mínigh cúis an tséimhithe sna samplaí ón mír thíos:

- Gaeltacht Chiarraí
- iarshagart
- baint mhór
- baile dúchais a mháthar
- ina dhéagóir
- an-chuid
- an rud a bhain leis

Ceist 5 Cúrsaí Cultúrtha. Pléigh na ceisteanna leis an duine in aice leat.

1. Cén chanúint atá ag na cainteoirí ar fad?

2. ‘Beannacht Dé lena anam’. Cad iad na nathanna eile Gaeilge atá ar eolas agaibh chun comhbhrón a chur in iúl.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. An raibh tú féin ar an stáitse riamh? Déan cur síos air.
2. Conas a chuidíonn ranganna drámaíochta le féinmhuinín daoine óga, dar leat?
3. Conas a chuireann an phaindéim isteach ar shochraidí na laethanta seo?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

homage:	*ómós*
former parish priest:	*iarshagart paróiste*
all-round attributes:	*tréithe ildánacha*
he was ordained:	*oirníodh é*
devotion, diligence:	*dúthracht*
loyalty:	*dílseacht*
special skill:	*scil ar leith*
self-confidence:	*féinmhuinín*
courage:	*misneach*
a rich legacy:	*oidhreacht shaibhir*
imprint (mark) of his art:	*rian a chuid ealaíne*
imprint (mark) of his humanity:	*rian a chuid daonnachta*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
1. ‘Cén chaoi **a bhfuil** tú?’ Is é ***a bhfuil*** an leagan coibhneasta indíreach de ***tá/atá***.

2.

Clásal coibhneasta díreach	Clásal coibhneasta indíreach
cé chomh minic, cad, cé, cathain, conas, céard, cén fad, cén uair, cad é mar	*cad chuige, cén chaoi, cén tslí, cén fáth, cén áit, cén dóigh*

3. Ceisteanna samplacha:

Cé chomh minic is a luaitear an tAthair Tomás Ó hIceadha?
Cad a bhí le rá ag Boscó Ó Conchúir?
Cé a fuair bás?
Cathain a oirníodh é?
Conas a chuidíonn an drámaíocht le féinmhuinín daoine óga?
Céard a dúirt an tAthair Eoghan Ó Cadhla faoi Thomás Ó hIceadha?
Cén fad atá sé ó thosaigh sé ag aisteoireacht le hAisteoirí Bhréanainn?
Cén uair a bhí an mhír ar siúl?
Cad é an scil ar leith a bhí ag an Athair Tomás Ó hIceadha?

Cad chuige a bhfuil an tAthair Tomás Ó hIceadha sa nuacht?
Cén chaoi ar chuir saol na Gaeilge aithne air?
Cén tslí ar chuidigh sé le múinteoirí bunscoile?
Cén fáth a bhfuil ómós á léiriú i gCiarraí?
Cén áit a bhfuil Tuath Ó Siosta?
Cén dóigh a gcuirfidh bás an tsagairt isteach ar an bpobal?

Ceist 4
Gaeltacht C**h**iarraí: Má thagann ainmfhocal cinnte sa ghinideach i ndiaidh ainmfhocal eile, ní infhilltear é ach séimhítear é.
Iars**h**agart: Nuair a thagann réimír agus ainmfhocal le chéile chun comhfhocal a chruthú, séimhítear an dara mír i.e. an t-ainmfhocal, seachas nuair a thagann **d**, **t**, **l**, **s** nó **n** tar éis **d**, **t**, **l**, **s** nó **n**.

baint m**h**ór: Séimhítear an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach.
baile dúchais a m**h**áthar: An aidiacht shealbhach, tríú pearsa uatha, firinscneach.
ina d**h**éagóir: An aidiacht shealbhach, tríú pearsa uatha, firinscneach.
an-c**h**uid: Séimhítear an consan a leanann **an-** seachas *d, t, l, s, n*.
an rud a b**h**ain leis: An briathar san aimsir chaite.

Ceist 5

1. Tá canúint na Mumhan ag na cainteoirí ar fad.
2. Samplaí eile:
   ní maith liom do thrioblóid
   ní maith liom do bhris
   ba mhaith liom mo chomhbhrón a chur in iúl
   is bocht liom do chás
   suaimhneas síoraí dá (h)anam
   go ndéana Dia trócaire air/uirthi
   go ndéana Dia a mhaith air/uirthi
   grásta ó Dhia ar a (h)anam

Ceist 6

Tabhair deis do gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile sula bpléifidh tú leis an rang iomlán iad.

Siún Nic Gearailt
Tá ómós léirithe i nGaeltacht Chiarraí don iarshagart paróiste, an tAthair Tomás Ó hIceadha, atá tar éis bháis. Cuimhneofar air as a scil sa drámaíocht agus bhí baint mhór aige le Siamsa Tíre agus le hAisteoirí Bhréanainn.

Seán Mac an tSíthigh
Fear creidimh, fear pobail agus fear stáitse, tréithe ildánacha a dhein[1] saoi den sagart. I gContae na hIarmhí a tógadh an tAthair Tomás Ó hIceadha ach gur sa Daingean, baile dúchais a mháthar, a fuair sé a chuid meánscolaíochta, chomh maith le tréimhse i gColáiste Bhréanainn i gCill Airne sara gcuaigh[2] sé go Maigh Nuad.

Oirníodh ina shagart é in 1950 agus suas le ceithre pharóiste dhéag faoina chúram ó shin i leith. Dúthracht agus dílseacht aige dá pharóisteánaigh[3], ach, mar gheall ar a chumas drámaíochta a chuir an saol Gaelach aithne ar an Athair Ó hIceadha. In 1978 a chuaigh sé i mbun drámaíochta le hAisteoirí Bhréanainn i gCorca Dhuibhne agus chomh maith, os cionn céad dráma curtha ar stáitse aige.

Boscó Ó Conchúir, Aisteoirí Bhréanainn
Bhí scil ar leith aige sin sa drámaíocht ó bhí sé ina dhéagóir sa Daingean. Ach ansin, fuair sé oiliúint sna cúrsaí sin agus d'úsáid sé iad sin sna paróistí difriúla, cosúil le: Maigh Mheáin agus Corra agus Tuath Ó Siosta agus Neidín agus Baile an Sceilg agus Trá Lí agus bhí an-seans linn gur chríochnaigh sé suas anseo i gCorca Dhuibhne. Ach, chreid sé chomh maith gur an-uirlis an drámaíocht chun forbairt a dhéanamh ar dhaoine óga. Agus, go músclaíonn sé féinmhuinín, go bhfeabhsaíonn sé a bpearsantacht agus tugann sé misneach dóibh. So, chaith sé an-chuid ama ar fad sna bunscoileanna, ag cabhrú leis na múinteoirí chun an drámaíocht a chur chun cinn agus forbairt a dhéanamh ar na daoine óga.

An tAthair Eoghan Ó Cadhla, Sagart Paróiste, Baile an Fheirtéaraigh
Bhíodh sé lách, réidh, cineálta, séimh agus bhí féith an ghrinn go láidir ann. Sin an rud a bhain leis agus aon duine a chuir aithne ar an Athair Ó hIceadha, déarfaidís é sin leat. Agus, gur bhain sé an-taitneamh as an saol agus *miss*eáilfear an-mhór é. Fágfaidh sé an-fholús ar fad. *Miss*eáilfear go mór é ach tá oidhreacht shaibhir fágtha ina dhiaidh aige agus beidh sé sin mar chloch ar a charn.

Seán Mac an tSíthigh
Fear a d'fhág rian a chuid ealaíne ar an stáitse agus rian a chuid daonnachta i gcroíthe na ndaoine.

Siún Nic Gearailt
Beannacht Dé lena anam.

[1] *a rinne* an leagan caighdeánach
[2] *sula ndeachaigh* an leagan caighdeánach
[3] *paróistigh* an leagan caighdeánach